# Comhairle Contae Mhuineacháin

# Straitéis Ealaíon

# 2025 – 2031

**18 Feabhra 2025**

**CLÁR ÁBHAR**


| | |
|---|---|
| **1.** | **Straitéis Ealaíon Mhuineacháin, 2025 – 2031**<br>**1.1 Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais Náisiúnta** |
| **2.** | **Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin** |

| | |
|---|---|
| | **2.1 Croíphrionsabail**<br><br>**2.3 Maoiniú agus Tacaíochtaí Oifig Ealaíon Chontae Mhuineacháin**<br><br>**2.3.1 Scéim na gComhpháirtithe Ealaíon**<br><br>**2.3.2 An Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí**<br><br>**2.3.3 Scéim Breisluacha an Ealaíontóra Ghairmiúil Gealltanais Mhaoinithe agus Tacaíochta**<br><br>**2.3.4 Gealltanais Mhaoinithe agus Tacaíochta** |
| **3.** | **Tosaíochtaí Straitéiseacha**<br><br>**3.1 Tacú le hEalaíontóirí**<br><br>**3.2 Daoine Óga agus na hEalaíona**<br><br>**3.3 Music Generation**<br><br>**3.4 Sparánacht Ealaíon Mhuineacháin do Dhaoine Óga**<br><br>**3.5 Cuspóirí - Daoine Óga agus na hEalaíona** |
| **4.** | **Cumas a Chruthú**<br><br>**4.1 Cuspóirí**<br><br>**4.2 Ionaid Ealaíon i gContae Mhuineacháin**<br><br>**4.3 Ionad Liteartha agus Ealaíon Patrick Kavanagh**<br><br>**4.4 Stiúideonna Ealaíontóirí Chluain Eois**<br><br>**4.5 Teach an Mhargaidh – Muineachán**<br><br>**4.6 Stiúideo an Ealaíontóra, Carraig Mhachaire Rois**<br><br>**4.7 Ionad Acmhainní Ealaíon agus Pobail Amharclann Íontas – Baile na Lorgan**<br><br>**4.8 Amharclann an Gharáiste – Muineachán** |
| **5.** | **Imeachtaí agus Féilte**<br><br>**5.1 Ionaid Mhaoinithe agus Imeachtaí Maoinithe** |
| **6.** | **Ealaín Phoiblí** |
| **7.** | **Coimisiúnú Scannán** |
| **8.** | **Luach Saothair d'Ealaíontóirí agus do Thaibheoirí** |
| **9.** | **Imeachtaí Iomaíocha** |
| **10.** | **Prionsabail Ghinearálta Oibríochtúla 2025-2031** |

| | |
|---|---|
| 11. | **Gníomhú ar son na hAeráide** |
| 12. | **Turasóireacht agus Oidhreacht** |
| 13. | **Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais Náisiúnta** |
| 14. | **An tAcht Ealaíon, 2003** |
| 15. | **Comhthéacs Beartais Náisiúnta** |
| 16. | **An Chomhairle Ealaíon** |
| 17. | **An Cumann Bainistíochta Cathrach agus Contae** |
| 18. | **Éire Ildánach** |
| 19. | **Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin, 2025-2031** |
| 20. | **Comhthéacs Déimeagrafach Chontae Mhuineacháin** |

## 1. Straitéis Ealaíon Mhuineacháin, 2025 – 2031

Tá ról ríthábhachtach ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin maidir leis na healaíona a chothú, agus tacú leo, i Muineachán. Is é fís straitéiseach Straitéis Ealaíon Mhuineacháin go dtuigfidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin luach shaothar na n-ealaíontóirí i gcónaí, agus go dtabharfaidh sí aitheantas don chomhthéacs ina gcruthaíonn ealaíontóirí saothair ealaíne i ngach a ndéanann sí. Cuirfear an straitéis i

bhfeidhm trí aird a choinneáil ar na mionsonraí i dtaca le healaíontóirí a bhfuil cónaí orthu, a oibríonn agus atá ag saothrú i Muineachán. Is Contae í Muineachán atá cáiliúil as na guthanna uathúla ealaíonta ar leith a shaothraíonn ann. Tá Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do thimpeallacht a chothú ina dtugtar tús áite do thacaíocht d’ealaíontóirí.

Glacann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin cur chuige soiléir agus seasmhach i leith tacaíocht a thabhairt do na healaíona i Muineachán, trí shaothar agus iarrachtaí ealaíontóirí a chothú. Bainistítear an maoiniú ón údarás áitiúil atá ar fáil d’Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin le go bhfaighidh ealaíontóirí é agus le go rachaidh sé chun tairbhe dóibh. Tacaíonn sé le huaillmhianta ealaíontóirí gairmiúla, infheistíonn sé iontu agus léiríonn sé muinín as a gcuid saothar agus a gcuid smaointe. Tugann sé tacaíocht agus iontaofacht dóibh siúd atá ag forbairt saothair go háitiúil agus a bhfuil spriocanna níos uaillmhianaí acu don saothar sin. Cothaítear comhpháirtíochtaí pragmatacha sainiúla, a mbíonn tionchar díreach acu ar fhorbairt foirmeacha ealaín ar leith. Is léiriú follasach ar thiomantas Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin iad an toilteanas éisteacht le healaíontóirí agus scéimeanna bliantúla maoinithe. Tá sí tiomanta a chinntiú go gcuireann a cuid oibre-eiseamláir ar fáil do na heagraíochtaí ealaíon agus na hionaid ealaíon atá ag feidhmiú laistigh den Chontae. Chomh maith leis sin, cinntíonn sé go bhfuil rochtain ag lucht féachana i Muineachán ar réimse leathan d’eispéiris ealaíon. Féachann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin lena ról a dhearbhú i dtaca le tacaíocht a thabhairt d’ealaíontóirí; deiseanna a chruthú do dhaoine óga a bheith rannpháirteach sna healaíona agus taitneamh a bhaint astu, agus cumas leanúnach a fhorbairt trí thacaíocht a thabhairt d’ionaid ealaíon, féilte agus imeachtaí Mhuineacháin. Ar an gcaoi chéanna, leanfaidh an Oifig Ealaíon uirthi ag díriú ar dheiseanna a chur ar fáil agus a choinneáil d’ealaíontóirí a bhfuil cónaí orthu agus a oibríonn sa Chontae.

Déanann an **Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Turasóireacht, Forbairt Tuaithe agus Pobail; an Ghaeilge agus Seirbhísí Cultúrtha** eolas d’fhorbairt an bheartais ealaíon sa Chontae.

### 1.1 Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais Náisiúnta

Cuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an creat acmhainne, beartais agus reachtaíochta ar fáil chun tacú le spreagadh agus forbairt na n-ealaíon in Éirinn.

**An tAcht Ealaíon, 2003**
Is ionann na healaíona, mar a shainmhínítear iad san **Acht Ealaíon, 2003**, agus “aon léiriú cruthaitheach nó idirmhínitheach (cibé acu traidisiúnta nó comhaimseartha) cibé foirm ina mbeidh sé, agus folaíonn sé, go háirithe, amharcealaíona, amharclannaíocht, litríocht, ceol, rince, ceoldrámaíocht, scannánaíocht, sorcas agus ailtireacht, agus folaíonn sé aon mheán nuair a úsáidtear é chun na gcríoch sin.

Faoi Alt 6 den Acht Ealaíon, 2003, ceanglaítear ar údaráis áitiúla pleananna um fhorbairt na n-ealaíon a ullmhú agus a fhorfheidhmiú laistigh dá réimse feidhme féin. Agus na pleananna sin á gcur i bhfeidhm, d’fhéadfadh údaráis áitiúla cúnamh airgeadais nó cúnamh eile a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí, do thionscadail nó d’fhiontair chun suim an phobail sna healaíona a spreagadh, eolas agus tuiscint ar na healaíona a chur chun cinn, chleachtas na n-ealaíon a chur chun cinn nó caighdeáin sna healaíona a fheabhsú laistigh dá réimse feidhme féin.

De ghnáth, seoltar maoiniú rialtais do na healaíona tríd an gComhairle Ealaíon, an ghníomhaireacht náisiúnta do mhaoiniú, d’fhorbairt agus do chur chun cinn na n-ealaíon in Éirinn. Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go bhfuil ról lárnach sainiúil ag na healaíona i sochaí a bhíonn ag síorathrú. Bunaíodh an Chomhairle Ealaíon, comhlacht neamhspleách atá faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, in 1951 chun spéis an phobail sna healaíona a spreagadh agus eolas, dea-mheas agus cleachtadh ar na healaíona a chur chun cinn. Oibríonn an Chomhairle Ealaíon i gcomhar le healaíontóirí, eagraíochtaí ealaíonta agus daoine eile chun spás lárnach a chruthú do na healaíona i saol na hÉireann.

**An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001**
1. Chun críocha alt 67 d’Acht 2001, déanfaidh údarás áitiúil pleananna a ullmhú agus a fhorfheidhmiú i dtaca le forbairt na n-ealaíon laistigh dá réimse feidhme féin, ag cur san áireamh beartais de chuid an Rialtais a bhaineann leis na healaíona.

2. Féadann údarás áitiúil cúnamh airgeadais den chineál sin nó cúnamh eile a chur ar fáil de réir mar is iomchuí do dhaoine nó i dtaca le gníomhaíochtaí, tionscadail nó tograí mar sin, chun—

   *(a)* suim an phobail sna healaíona a mhúscailt,
   (*b*) eolas ar na healaíona, tuiscint do na healaíona agus cleachtas na n-ealaíon a chur chun cinn,
   nó
   (*c*) caighdeáin sna healaíona a fheabhsú, laistigh dá réimse feidhme.

3. Beidh aird ag comhlacht poiblí ar bheartais Rialtais a bhaineann leis na hEalaíona agus iad ag comhlíonadh aon fheidhmeanna a bhaineann leis na hEalaíona

## 2. Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin

**AIDHM**

Saothar ealaíonta agus cleachtas cruthaitheach na n-ealaíontóirí agus na n-ealaíon i Muineachán a chothú, agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

**MISEAN**

Déanfaidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin pleanáil d'fhorbairt na n-ealaíon laistigh dá réimse feidhme agus cabhróidh sí le timpeallacht a chruthú ina gcothófar na healaíona agus ina mbeidh na healaíona faoi bhláth.

**FÍS**

Tá sé d'aidhm ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin a chinntiú go dtugtar aitheantas don Chontae mar thimpeallacht dhearfach d'ealaíontóirí, i réimse éagsúla disciplíní, inar féidir leo maireachtáil agus saothair a chruthú. Ba mhaith linn tacú le cleachtóirí ealaíon agus eispéiris ealaíonta a chur ar fáil dár bpobail.

## 2.1 CROÍPHRIONSABAIL

### Tiomantas don Bharr Feabhais

Cothóidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin ealaíontóirí i ngach disciplín, agus tacóidh sí leo, le bheith uaillmhianach agus le barr feabhais a bhaint amach.

### Infheistíocht

Leanfaidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin ag cur infheistíocht agus tacaíocht ar fáil chun ealaíontóirí aonair a fhorbairt, chun rochtain ar na healaíona a mhéadú agus chun rannpháirtíocht sna healaíona a spreagadh i measc shaoránaigh Mhuineacháin.

### Meas ar an gComhionannas, ar an Éagsúlacht agus ar an Ionchuimsitheacht

Léireoidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin meas i gcónaí ar gach tuairim, cultúr agus cúlra atá le sonrú in Éirinn an lae inniu, agus tacóidh sí leis na tuairimí, na cultúir agus na cúlraí sin.

> *"Ní sómas é an cultúr, ach bunriachtanas d'fholláine aon sochaí."*
>
> ***An tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn***

## 2.3 Maoiniú agus Tacaíochtaí Oifig Ealaíon Chontae Mhuineacháin

Cuireann an Oifig tacaíochtaí éagsúla ar fáil d'ealaíontóirí aonair agus d'eagraíochtaí aonair:

1. An Deontas Comhpháirtíochta Ealaíon
2. An Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí
3. Scéim Breisluacha an Ealaíontóra Ghairmiúil

### 2.3.1 Scéim na gComhpháirtithe Ealaíon

- Tá an scéim deontais seo ar oscailt d'eagraíochtaí ealaíon, d'fhéilte ealaíon, agus do thionscadail ealaíon atá bunaithe i gContae Mhuineacháin agus a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo i bhfearann na n-ealaíon.
- Ní mór d'iarratasóirí cuntas teiste cruthaithe i seachadadh na n-ealaíon sa Chontae a léiriú.
- Le go ndéanfar iarratas a mheas do Scéim na gComhpháirtithe Ealaíon, tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir, faoin scéim seo, cuir isteach ar mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon i dtosach.
- Tá **Luach Saothair don Ealaíontóir**, beartas de chuid na Comhairle Ealaíon, mar bhonn eolais ríthábhachtach faoi chinntí a dhéantar faoin scéim seo.

https://monaghan.ie/arts/2024/09/27/arts-partnership-application-form-artist-support-scheme/

https://www.artscouncil.ie/about/artists-pay-policy/

### 2.3.2 An Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí

- Is é is aidhm don scéim seo tacú le saothar ealaíontóirí agus cur leis an raon deiseanna atá ar fáil d'ealaíontóirí le gur féidir leo a gcleachtas a fhorbairt agus barr a gcumais a bhaint amach.
- Leis an tacaíocht seo, aithníonn Comhairle Contae Mhuineacháin go bhfuil ealaíontóirí ag cur le saol cruthaitheach agus ealaíonta an Chontae.
- Tá an scéim seo ar oscailt d'ealaíontóirí nua agus aitheanta araon.

https://monaghan.ie/arts/category/funding/

### 2.3.3 Scéim Breisluacha an Ealaíontóra Ghairmiúil

Is é cuspóir na Scéime seo breisluach a chruthú trí mhaoiniú breise a chur ar fáil d'ealaíontóirí gairmiúla, a bhfuil cónaí orthu i Muineachán, agus a bhfuil sparánacht faighte

acu ó chomhlachtaí amhail An Chomhairle Ealaíon/Cultúr Éireann, nó aon ghníomhaireacht náisiúnta ar a bhfuil sainchúram um maoiniú, forbairt agus cur chun cinn na nEalaíon.

***https://monaghan.ie/arts/value-added-scheme-2020-2027/***

> *"Is gné bhunriachtanach de dhaonlathas í saoirse tuairimíochta d'ealaíontóirí le go bhfeidhmeoidh an daonlathas sin mar ba cheart. Tá sé ríthábhachtach dúinn go mbíonn éagsúlacht tuairimí ann agus daoine atá toilteanach iniúchadh a dhéanamh ar an tsochaí agus freagairt dá bhfuil ag tarlú.*
>
> Catherine Martin TD, an t-iar-Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán 2020-25.

### 2.3.4 Gealltanais Mhaoinithe agus Tacaíochta

Le linn shaolré na straitéise, tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin an méid maoinithe a chuireann sí ar fáil faoi na tacaíochtaí seo a mhéadú. Is ionann na suimeanna a leagtar amach thíos agus na suimeanna foriomlána atá ar fáil faoi gach catagóir mhaoinithe.

- Méadófar maoiniú foriomlán bliantúil arna dháileadh faoin Scéim Ealaíon Comhpháirtíochta ó **€75,000** in 2025 go **€110,000** faoi 2031.
- Méadófar ciste na **Scéime Tacaíochta d'Ealaíontóirí** ó **€18,000** in 2025 go **€30,000** faoi 2031.
- Bronnfar uasluach **€10,000** faoin **Scéim Breisluacha** in 2025, uasluach a mhéadófar go **€15,000** faoi 2031. Leithdháilfear an t-airgead sin ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce. Déanfar an scéim seo a athbhreithniú in 2028.
- Tairgfear maoiniú do chónaitheacht seachtaine d'ealaíontóirí, a bhfuil cónaí orthu i gContae Mhuineacháin, agus a chomhlíonann critéir chónaitheachta Ionad Tyrone Guthrie in Eanach Mhic Dheirg, suas le huasmhéid de 10 gcónaitheacht ar leith in aghaidh na bliana.

https://monaghan.ie/arts/category/funding/

https://www.tyroneguthrie.ie

## 3. Tosaíochtaí Straitéiseacha

Tabharfaidh na tosaíochtaí agus na cuspóirí a leagtar amach thíos bonn eolais do chur chuige straitéiseach Chomhairle Contae Mhuineacháin i leith na seacht mbliana atá romhainn. Déanfaidh beartais agus pleananna na Comhairle Ealaíon agus an rialtais áitiúil eolas dó freisin.

I ndiaidh freagairtí ar chéim an chomhairliúcháin a chur san áireamh agus na gníomhartha a leagadh amach sa Phlean Ealaíon roimhe seo, 2016-2023, a mheasúnú, tá sé beartaithe ag an Oifig Ealaíon díriú ar thrí réimse straitéiseacha.

- **Tacú le hEalaíontóirí**
- **Daoine Óga agus na hEalaíona**
- **Cumas a Chruthú**

Beidh infheistiú, tiomantas agus comhpháirtíocht ag teastáil le go mbeidh rath ar an obair seo, mar aon leis an saineolas, abhcóideacht, tacaíocht agus treoir leanúnach a chuireann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin ar fáil. Fágfar roinnt cuspóirí ar oscailt le go bhféadfar deiseanna nua a bhaint amach agus chun freagairtí samhlaíocha a spreagadh ar thosaíochtaí straitéiseacha a thiocfaidh chun cinn le linn thréimhse na straitéise.

### 3.1 Tacú le hEalaíontóirí

Tugann Comhairle Contae Mhuineacháin tús áite i gcónaí d’ealaíontóirí gairmiúla ina plean um fhorbairt straitéiseach. Ní mór an straitéis a bhunú ar an ealaíontóir go príomha, le go dtiocfadh borradh faoi na healaíona i Muineachán. Ní mór don ealaíontóir a thuiscint go bhfuil meas againn ar a gcuid saothar, go dtacaímid leis an saothar sin, go dtuigimid na saincheisteanna a bhaineann leo agus go dtuigimid tábhacht a gcleachtais.

#### Cuspóirí

- Cinntiú go mbíonn deiseanna leanúnacha ann d’ealaíontóirí chun maireachtáil agus oibriú i Muineachán.
- Deiseanna a chur ar fáil d’ealaíontóirí le gur féidir leo a gcleachtas a fhorbairt.

- Tacú le healaíontóirí ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta.
- Oibriú le daoine aonair agus le heagraíochtaí a chuireann deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí.
- Cinntiú go dtacaíonn sparánachtaí Chomhairle Contae Mhuineacháin le healaíontóirí chun a gcuid saothar a chruthú nó go tacaíonn siad le próiseas cruthaitheach ealaíontóirí.
- Cinntiú go gcuireann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin tacaíocht ar fáil d'ealaíontóirí le linn a ngairmréime, ealaíontóirí nua agus aitheanta araon.
- Tabhairt faoi chomhpháirtíochtaí a thugann tacaíocht dhíreach d'ealaíontóirí.
- Meabhráin Tuisceana (MOUnna) a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon ar fud an chontae, trí chláir lena gcuirtear ar chumas ealaíontóirí gairmiúla a bheith bisiúil agus barr feabhais a bhaint amach.
- Leanúint de bheith ag dul i gcomhairle le healaíontóirí maidir le saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn an phróisis chomhairliúcháin don phlean seo - tithíocht, áiteanna oibre, ionaid chleachtaidh agus forbairt saothair san áireamh
- Bheith freagrúil i gcónaí agus leanúint de bheith ag éisteacht le tuairimí agus údair imní ealaíontóirí de réir mar a thagann riachtanais chun cinn.

### 3.2 Daoine Óga agus na hEalaíona

Tabharfar tús áite fós do dheiseanna a fhorbairt do dhaoine óga suas le 25 bliain d'aois le bheith rannpháirteach sna healaíona agus le taitneamh a bhaint astu i Straitéis Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin sna seacht mbliana atá romhainn. Trí infheistíocht a dhéanamh sna healaíona don aos óg, tugtar aitheantas do thábhacht na n-ealaíon do shaoránaigh óga, i dtaca lena bhforbairt, agus tugtar aitheantas don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na healaíona ar dhaoine óga. Chomh maith leis sin, tugann sé bun-aitheantas don ghá atá leis na healaíona a athbheochan agus le lucht féachana na n-ealaíon amach anseo a fhorbairt.

Oibríonn Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin i ndlúthchomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin (BOOCM), le Comhairle Contae

an Chabháin agus le Comhairle Náisiúnta na nÓg tríd an gComhpháirtíocht um Ealaíona Áitiúla san Oideachas (LAEP). I g**Cairt na nEalaíon san Oideachas** ó LAEP , cuirtear ról ríthábhachtach na n-ealaíon san oideachas in iúl agus chun cinn, ag cur ar chumas scoláirí a bheith rathúil i saol na scoile agus sa saol oibre. Tacaíonn LAEP leis an obair a dhéanann Music Generation agus cláir eile ealaíon don aos óg.

https://www.cmetb.ie/local-arts-in-education-ir/?lang=ga

### 3.3 Music Generation

Is é misean Music Generation eispéiris inspioráideacha a chruthú do leanaí agus daoine óga trí mheán an cheoil. Creideann sé gur chóir spraoi a bheith ag baint le ceol a chruthú agus a chasadh agus go bhféadfadh an ceol saol leanaí agus daoine óga a athrú ó bhonn ar an-chuid bealaí éagsúla. Dar le Music Generation, is féidir tacú le leanaí agus daoine óga ceol a dhéanamh agus a fhoghlaim ar bhealaí cruthaitheacha, éagsúla agus ionchuimsitheacha trí mheán an taibhithe agus an oideachais ceoil, bíodh sin trí amhrán a chumadh agus a chasadh, uirlis a sheinm, cleachtadh a dhéanamh mar chuid de cheolfhoireann nó trí bheith ag seinm le banna ceoil. Tacaíonn Music Generation Mhuineacháin leis na gcéadta duine óg blaiseadh den oideachas ceoil agus de thionscadail a bhaineann le seánraí éagsúla.

### 3.4 Sparánacht Ealaíon Mhuineacháin do Dhaoine Óga

Dearadh an scéim sparánachta i gcomhar le Comhairle Náisiúnta na nÓg agus le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin (BOOCM), chun tacú le daoine óga arb as Muineachán dóibh páirt a ghlacadh i dtionscadail ghearra ealaíon don óige i gcomhar le healaíontóir gairmiúil agus laistigh de shuíomhanna oibre don ógra agus suíomhanna neamhfhoirmiúla oideachais.

Tá sé d’aidhm ag an scéim sparánachta seo suim na n-óg sna healaíona a mhúscailt agus a spreagadh, ag tacú leo chun scileanna nua a fhorbairt agus iad a spreagadh chun a nguth sainiúil féin a aimsiú trí phróiseas ealaíon don óige. Chomh maith leis sin, tá sé d’aidhm ag an scéim tacú le healaíontóirí gairmiúla chun eispéiris chomhoibrithe a fhorbairt trí oibriú i gcomhar le daoine óga agus le hoibrithe óige.

### 3.5 Cuspóirí

- Leanúint de bheith ag infheistiú in Music Generation i Muineachán, agus tacú leis.
- Feidhmeoidh Music Generation mar chomhpháirtí múnlaitheach Chomhairle Contae Mhuineacháin, ag obair i gcomhar leis an gComhairle chun deiseanna a fhorbairt do dhaoine óga idir 0-18 mbliana d'aois i réimsí an taibhithe agus an oideachais ceoil.
- Leanúint de bheith ag infheistiú i dtionscadail na Comhpháirtíochta um Ealaíona Áitiúla san Oideachas (LAEP) ar fud an Chontae, le tacaíocht ó Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin (BOOCM), ó Chomhairle Contae an Chabháin agus ó Chomhairle Náisiúnta na nÓg.
- Féachaint le tacaíochtaí breise a chur ar fáil i scoileanna atá rannpháirteach i Scoileanna Ildánacha, clár de chuid na Comhairle Ealaíon.
- Dul i gcomhairle le hionaid i Muineachán lena chinntiú go gcothaítear deiseanna rannpháirtíochta sna healaíona agus rochtain ar chláreagrú fairsing
- Éisteacht le comhpháirtithe a oibríonn go díreach le daoine óga lena chinntiú go bhfuil ~~a~~ghaidh á tabhairt ar a gcuid riachtanas.
- Cinntiú go mbíonn an chumarsáid a dhéantar le daoine óga maidir le deiseanna agus imeachtaí in oiriúint don spriocghrúpa.
- Tacú le cláreagrú ealaíon atá dírithe ar dhaoine óga. Is gné lárnach é seo den tacaíocht a thugtar d'fhéilte i Muineachán a chuireann deiseanna cláreagraithe ar fáil do dhaoine óga.

> *"My advice is this, do whatever pleases yourself. These things don't matter. What does matter is that if you have anything worthwhile in you, any talent, you should deliver it. Nothing must turn you from that."*
> *Patrick Kavanagh*

## 4. CUMAS A CHRUTHÚ

Aithníonn Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin go mbíonn sé riachtanach i gcónaí acmhainn a fhorbairt chun feabhas a chur ar na seirbhísí a thairgtear agus chun

spriocanna a bhaint amach. Maidir le cumas a chruthú, tá sainspriocanna ann chun eispéiris ealaíontóirí i gContae Mhuineacháin a fheabhsú. Chomh maith leis an obair leanúnach atá ar bun cheana féin, beidh sé mar phríomhaidhm ag an ngníomhaíocht spriocdhírithe cur ar chumas na n-ionad ealaíon cláir níos forleithne a thairiscint sa Chontae, an cumas feabhsaithe sin a éascú agus tógáil ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana.

## 4.1 Cuspóirí

- Dul i gcomhairle le hionaid, le féilte agus le himeachtaí i Muineachán chun tacú le forbairt acmhainne. Mar chuid de sin, d'fhéadfadh go mbeadh ar an gComhairle infheistiú breise a lorg, tacú leis na hionaid agus dul i mbun comhpháirtíochtaí tairbheacha. Déanfar cláreagrú ildisciplíneach a sheachadadh sna hionaid láidre ghairmiúla atá ann ar fud Mhuineacháin agus cuirfidh siad deiseanna breise ar fáil d'ealaíontóirí a shaothraíonn i ngach bhfoirm ealaíne. Ar an gcaoi chéanna, cuireann ionaid níos mó féidearthachtaí ar fáil i dtaca le léiriú, taibhiú agus forbairt an lucht féachana.
- Tacú leis an timpeallacht d'ealaíontóirí gairmiúla, atá ag obair sa chontae, trí thionscnaimh a reáchtáil lena gcuirfear rochtain níos fearr ar fáil ar áiteanna agus spásanna gairmiúla ildisciplíneacha oibre.
- Dul i gcomhairle le hionaid, le háiteanna, le spásanna agus le himeachtaí, ag cabhrú leo, nuair is féidir, lena gcuid spriocanna a bhaint amach.
- Tacóidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin le deiseanna don phobal blaiseadh a fháil de chláir ealaíon agus a bheith rannpháirteach iontu.
- Féachfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin le spásanna oibre a chruthú d'ealaíontóirí i ngach Baile sa Chontae. Cuirfear na spásanna oibre sin ar fáil d'ealaíontóirí gairmiúla ar phraghsanna réasúnta nuair a bheidh siad forbartha.
- Forbróidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin treoirlínte dea-chleachtais maidir le spásanna oibre d'ealaíontóirí a leithdháileadh i réadmhaoin faoi úinéireacht na comhairle agus i réadmhaoin bhainistithe.
- Rachaidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí ealaíon, chun Meabhráin Tuisceana a thionscnamh, agus iad ag déanamh iarratais mhaoinithe chuig an gComhairle Ealaíon.

## 4.2 Ionaid Ealaíon i gContae Mhuineacháin

Tá ceithre áis ealaíon ag Comhairle Contae Mhuineacháin – Ionad Liteartha agus Ealaíon Patrick Kavanagh, Stiúideonna Ealaíontóirí Chluain Eois, Teach an Mhargaidh i mBaile Mhuineacháin agus Stiúideo an Ealaíontóra, Teach an Mhargaidh, Carraig Mhachaire Rois. Chomh maith leis sin, tá dhá ionad neamhspleácha ealaíon sa Chontae a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo – Ionad Acmhainní Ealaíon agus Pobail Amharclann Íontas i mBaile na Lorgan agus Amharclann an Gharáiste i mBaile Mhuineacháin.

### 4.3 Ionad Patrick Kavanagh

Feidhmíonn Ionad Patrick Kavanagh in Inis Caoin mar mhol cultúrtha, ina n-eagraítear agus ina n-óstáiltear réimse leathan d'imeachtaí ealaíonta i rith na bliana, Deireadh Seachtaine Patrick Kavanagh ina measc. Is ionad cuairteoirí é chomh maith ina gceiliúrtar cuimhne agus oidhreacht an fhile Patrick Kavanagh

**Cuspóirí**

- Maoiniú a chur ar fáil chun tacú le cláreagrú imeachtaí ealaíon comhaimseartha san ionad.

### 4.4 Stiúideonna Ealaíontóirí Chluain Eois

Cuireann na stiúideonna ceithre spás oibre inacmhainne ar fáil d'ealaíontóirí. Eagraíonn siad máistir-ranganna agus ceardlanna d'ealaíontóirí gairmiúla agus feidhmíonn siad mar mhol cultúrtha d'imeachtaí le linn féilte amhail Féile Scannán Chluain Eois.

**Cuspóirí**

- Oibreoidh an Chomhairle le healaíontóirí an stiúideo agus le daoine eile chun deiseanna rannpháirtíochta a chruthú do ghairmithe ealaíon agus do ghrúpaí sainspéise a éascóidh rannpháirtíocht sna healaíona ag na stiúideonna.
- Féachfaidh an Chomhairle le hacmhainn na stiúideonna a bhaint amach trí imeachtaí cláreagraithe, seimineáir agus gníomhaíochtaí a eagrú, go háirithe Féile Scannán Chluain Eois, féile sheanbhunaithe a bhfuil meas mór uirthi.

### 4.5 Teach an Mhargaidh – Muineachán

Beidh an t-ionad fós ar fáil mar-spás do chleachtaí, mar spás oibre d'ealaíontóirí, mar dhánlann taispeántais agus mar láthair chruinnithe d'eagraithe ealaíon. Cuirfear an spás

seo ar fáil saor in aisce dóibh siúd a úsáidfidh é do thionscadail ealaíon agus do thionóil ealaíon.

**4.6 Stiúideo an Ealaíontóra, Teach an Mhargaidh, Carraig Mhachaire Rois**

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag tacú leis an spás oibre seo d'ealaíontóirí gairmiúla. Cuirfear an stiúideo ar fáil d'ealaíontóirí gairmiúla ar feadh tréimhse ar leith a fhéachann le riachtanais a gcleachtais a chomhlíonadh.

**4.7 Ionad Acmhainní Ealaíon agus Pobail Amharclann Íontas, Baile na Lorgan**

Is ionad acmhainní ealaíon agus pobail é Íontas atá faoi stiúir an phobail. Cuireann sé spás solúbtha amharclannaíochta ar fáil inar féidir suíocháin do 308 nó 100 duine a leagan amach, forhalla ina bhfuil spás dánlainne, mar aon le seomraí cruinnithe agus spásanna ceardlainne. Tá ról ríthábhachtach aige maidir le léirithe agus imeachtaí áitiúla agus camchuairte a óstáil. Is príomh-chomhpháirtí de Mhuineachán Ildánach é Íontas maidir le seachadadh tionscnaimh chruthaitheacha i mBaile na Lorgan.

**Cuspóirí**

- Dul i gcomhairle leis an ionad maidir lena sprioc ionad forbartha agus cleachtaidh a chruthú do chomhlachtaí gairmiúla léiriúcháin, agus, ag an am céanna, an ról tábhachtach atá aige maidir le léirithe, ceardlanna agus ranganna áitiúla a chur chun cinn, agus tacú leo, a choinneáil.
- Féachaint le Meabhrán Tuisceana a chomhaontú a thacóidh le Íontas agus é ag forbairt go leanúnach mar ionad bríomhar ealaíon agus a chabhróidh leis maoiniú a fháil ón gComhairle Ealaíon.

**4.8 Amharclann an Gharáiste – Muineachán**

Ionad ealaíon seanbhunaithe i mBaile Mhuineacháin is ea Amharclann an Gharáiste. Tá príomh-halla éisteachta ann ina bhfuil suíocháin do 300 duine agus stiúideo ina bhfuil suíocháin do 75 duine, mar aon le stiúideo amharc-ealaíon agus dánlann. Is le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin (BOOCM) an t-ionad agus is é an Bord a reáchtálann é. Tá ról ríthábhachtach aige i seachadadh chláreagrú na n-ealaíon san oideachas agus i léirithe áitiúla, agus óstálann sé léirithe agus imeachtaí camchuairte chomh maith.

**Cuspóir**

- Dul i gcomhairle le hAmharclann an Gharáiste maidir lena fís comhlacht léiriúcháin a dhéanamh di féin agus, ag an am céanna, an ról tábhachtach atá aici maidir le léirithe, ceardlanna agus ranganna áitiúla a chur chun cinn, agus tacú leo, a choinneáil.

**5. Imeachtaí agus Féilte**

Tá roinnt imeachtaí agus féilte seanbhunaithe a reáchtáiltear sa Chontae ar thacaigh Comhairle Contae Mhuineacháin leo san am a chuaigh thart. Ní-hí an Oifig Ealaíon a spreagann nó a eagraíonn imeachtaí, ach féachann sí le tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí ealaíon agus d'fhéilte ealaíon a eagraítear go gairmiúil, agus leis na himeachtaí agus na féilte sin a chothú. Ní thacófar ach le himeachtaí agus féilte atá faoi stiúir ealaíontóra nó atá ealaíontóir-bhunaithe agus/nó le himeachtaí agus féilte a thacaíonn le saothar ealaíontóirí gairmiúla agus leis an infheistíocht leanúnach iontu.

**Cuspóirí**

- Féachfaidh an Chomhairle le tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí agus d'fhéilte seanbhunaithe agus nua atá ag fáil maoinithe ón gComhairle Ealaíon, leis na himeachtaí agus na féilte sin a choinneáil, agus le maoiniú a chur ar leataobh dóibh.
- Féachfaidh an Chomhairle le Meabhráin Tuisceana (MOUnna) a chomhaontú le himeachtaí, féilte agus daoine aonair atá ag déanamh iarratais mhaoinithe chuig an gComhairle Ealaíon d'imeachtaí agus do thionscadail a eagraítear go gairmiúil.

**5.1 Ionaid Mhaoinithe agus Imeachtaí Maoinithe**

Beidh sé de dhualgas ar ionaid, a fhaigheann maoiniú faoin Scéim Ealaíon Comhpháirtíochta tacú le grúpaí taibhealaíona áitiúla amaitéaracha trí thicéid a roinnt 80/20 i bhfabhar na ngrúpaí áitiúla. Beidh an tacaíocht sin i bhfeidhm faoi 2027.

**6. EALAÍN PHOIBLÍ**

Oibreoidh Comhairle Contae Mhuineacháin i gcomhar le ranna laistigh den Chomhairle lena chinntiú go mbeidh borradh faoi dheiseanna i réimse na healaíne poiblí i Muineachán le linn thréimhse na straitéise. Beidh an clár ealaíne poiblí i gcomhréir le **Treoirlínte**

**Náisiúnta Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon, 2025** (FOILSEACHÁN AR FEITHEAMH).
www.publicart.ie

Tá sé beartaithe go sainaithneoidh Comhairle Contae Mhuineacháin pobail, suíomhanna agus príomh-chomhpháirtíochtaí do shainchúraimí ealaíne poiblí. Díreofar ar nuálaíocht, uaillmhian, ábharthacht áitiúil agus rannpháirtíocht an phobail le haghaidh céim dhinimiciúil de chláreagrú ealaíne poiblí. Fiosrófar an ghné ildisciplíneach agus na bealaí ar féidir oibriú le féilte ealaíon atá ann cheana d'fhonn comhoibrithe cruthaitheacha a chur ar bun.

**Cuspóirí**

Le gur féidir clár ealaíne poiblí a fhorbairt, a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú, ní mór do Chomhairle Contae Mhuineacháin saineolaí ar an ealaín phoiblí a cheapadh chun clár a stiúradh a chloíonn le dea-chleachtas sa choimisiúnú.

- Bunóidh Comhairle Contae Mhuineacháin Meitheal Ealaíne Poiblí (PAWG) ar a mbeidh baill de na Stiúrthóireachtaí agus den Oifig Ealaíon.
- Cinnteoidh PAWG go bhfaighfear maoiniú don ealaín phoiblí ó thionscadail chaipitil agus ó chláir chaipitil faoina sainchúram ar shlí chomhordaithe agus chomhleanúnach.
- Cinnteoidh PAWG go gcuirfear isteach ar mhaoiniú faoi scéim an chéatadáin le haghaidh na n-ealaíon mar chuid d'fhormhór na dtionscadal caipitil faoina dtabharfaidh an Chomhairle.
- Forbróidh Comhairle Contae Mhuineacháin straitéis ealaíne poiblí agus ceapfaidh siad grúpa comhairleach ealaíne poiblí (PAAG) i gcomhréir le **Treoirlínte Náisiúnta Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon, 2025.**
- Tabharfaidh PAAG comhairle maidir le treo ginearálta, téamaí tionscadail agus sainchúraimí, agus cuirfidh sé aiseolas ar fáil.
- Ceapfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin saineolaí ar an ealaín phoiblí de réir treoirlínte náisiúnta. Is le leithdháiltí ealaíne poiblí ar an gComhairle a íocfar an saineolaí sin.
- Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do dhea-chleachtas a fhorbairt agus í ag coimisiúnú thionscadail ealaíne poiblí i réimse leathan d'fhoirmeacha ealaíne.

- Ceadóidh Comhairle Contae Mhuineacháin, ar chomhairle PAAG agus i gcomhréir leis na **Treoirlínte Náisiúnta**, comhthiomsú maoinithe don ealaín phoiblí ar fud tionscadail éagsúla agus Ceantair Bhardasacha éagsúla. Chomh maith leis sin, ceadóidh sé comhthiomsú airgid le gníomhaireachtaí eile stáit amhail OPW, Uisce Éireann, Bonneagar Iompair Éireann, srl.

> "*To develop a complete mind: Study the science of art; Study the art of science. Learn how to see. Realise that everything connects to everything else.*"
>
> Leonardo da Vinci

## 7. COIMISIÚNÚ SCANNÁN

Aithníonn Comhairle Contae Mhuineacháin gur féidir cumas scannánaíochta a chothú laistigh den Chontae agus suíomhanna agus láithreacha a chur i láthair don phobal, trí acmhainní a fhorbairt do scannánóirí ar mian leo saothar a chruthú i Muineachán. Is gníomhaíocht chruthaitheach eacnamaíoch é léiriú scannán arna stiúradh ag dreasachtaí cánach agus maoiniú ó Fhís Éireann, ó Údarás Craolacháin na hÉireann, ó chainéil teilifíse agus ó chistí eile d'fhorbairt agus do léiriú na scannánaíochta agus na teilifíse.

**Cuspóirí**

- Acmhainn a fhorbairt lenar féidir le comhlachtaí scannánaíochta eolas a fháil maidir le gairmithe atá ag obair i Muineachán, teacht ar acmhainní lóistín agus teacht ar thaisce íomhánna de láithreacha agus de shuíomhanna suimiúla/áille i Muineachán.
- Féachfaidh Oifig Ealaíon-Chontae Mhuineacháin le sparánachtaí a thairiscint do ghairmithe nua i réimse na scannánaíochta. Féachfar le Féile Scannán Chluain Eois a dheimhniú mar chomhpháirtí breise i dtaca leis an scannánaíocht a fhorbairt i Muineachán, agus leis an scéim sparánachta a reáchtálann an fhéile cheana féin a leathnú.
- Féachfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin le tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí léiriúcháin a dhéanann scannánú sa Chontae. Feidhmeoidh sí mar chainéal le haghaidh eolais, comhairle agus, nuair is féidir, le haghaidh cabhair phraiticiúil i dtaca le ceadanna, dúnadh bóthair, srl.

## 8. Luach Saothair d'Ealaíontóirí agus do Thaibheoirí

I gcásanna a dtugann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin maoiniú do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí aonair, beidh sé de dhualgas orthu a chinntiú go bhfuiltear ag

cloí le **Luach Saothair d'Ealaíontóirí** ón gComhairle Ealaíon agus beartais agus treoirlínte um luach saothair de chuid Amharc-Ealaíontóirí Éireann. Leis an mbeartas sin, déantar cinnte go dtugtar luach saothair agus conarthaí córa agus cothroma d'ealaíontóirí agus do thaibheoirí. Cloífidh Comhairle Contae Mhuineacháin leis na beartais sin freisin.

https://www.artscouncil.ie/about/artists-pay-policy/

### 9. Imeachtaí Iomaíocha

Ní thacóidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin le himeachtaí a bhfuil gné iomaíoch lárnach iontu.

### 10. Prionsabail Ghinearálta Oibríochtúla 2025-2031

- Leanúint de bheith ag tógáil agus ag cothú comhpháirtíochtaí idirghníomhaireachta a chabhraíonn le gníomhaíocht ealaíon a fhorbairt i Muineachán.
- Leanúint de bheith ag glacadh cur chuige spriocdhírithe agus straitéiseach i dtaca le cinntí maoinithe
- Torthaí chéim chomhairliúcháin na straitéise a chur san áireamh agus a mheasúnú, agus a bheith toilteanach fós aghaidh a thabhairt, nuair is féidir, ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn iontu.
- Leanúint de bheith ag déanamh cumarsáid le healaíontóirí agus leis an lucht féachana, ag tabhairt léargas ar imeachtaí, ar dheiseanna agus ar fhorbairtí a bhaineann leis na healaíona i Muineachán.
- Leanúint de bheith ag cinntiú go bhfáiltíonn deiseanna roimh chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.

### 11. Gníomhú ar son na hAeráide

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do dhea-chleachtas a chur chun cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide i measc gach eagraíocht ealaíon agus gach eagraí imeachta, trína spreagadh lena n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, trí thaisteal gníomhach agus iompar poiblí a chur chun cinn agus iad ag eagrú imeachtaí, agus trí ealaíontóirí a spreagadh le feasacht a mhéadú agus gníomhartha a ghlacadh chun todhchaí inbhuanaithe a chur chun cinn.

### 12. Turasóireacht agus Oidhreacht

Déanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin iarracht tacú le tionscnaimh ghairmiúla ealaíon a imríonn tionchar ar an turasóireacht agus ar an oidhreacht.

> "*The most beautiful thing we can experience is the mysterious. It is the true source of all true art and science."* Albert Einstein

## 13. Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais Náisiúnta

Cuireann reachtaíocht agus beartais náisiúnta bonn eolais faoi Straitéis Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin, 2025-2031, agus tugann an reachtaíocht agus na beartais sin treoir don Straitéis:

- An tAcht Ealaíon, 2003
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- An Chomhairle Ealaíon
- An Cumann Bainistíochta Cathrach agus Contae
- Éire Ildánach

## 14. An tAcht Ealaíon, 2003

Is ionann na healaíona, mar a shainmhínítear iad san **Acht Ealaíon, 2003**, agus "aon léiriú cruthaitheach nó idirmhínitheach (cibé acu traidisiúnta nó comhaimseartha) cibé foirm ina mbeidh sé, agus folaíonn sé, go háirithe, amharcealaíona, amharclannaíocht, litríocht, ceol, rince, ceoldrámaíocht, scannánaíocht, sorcas agus ailtireacht, agus folaíonn sé aon mheán nuair a úsáidtear é chun na gcríoch sin.

Faoi Alt 6 den Acht Ealaíon, 2003, ceanglaítear ar údaráis áitiúla pleananna um fhorbairt na n-ealaíon a ullmhú agus a fhorfheidhmiú laistigh dá réimse feidhme féin. Agus na pleananna sin á gcur i bhfeidhm, d'fhéadfadh údaráis áitiúla cúnamh airgeadais nó cúnamh eile a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí, do thionscadail nó d'fhiontair chun suim an phobail sna healaíona a spreagadh, eolas agus tuiscint ar na healaíona a chur chun cinn, chleachtas na n-ealaíon a chur chun cinn nó caighdeáin sna healaíona a fheabhsú laistigh dá réimse feidhme féin.

**Feidhmeanna Ginearálta na Comhairle Ealaíon mar a shainmhínítear iad faoin Acht Ealaíon, 2003.**

a) spéis an phobail sna healaíona a spreagadh,

b) eolas, dea-mheas agus cleachtadh ar na healaíona a chur chun cinn,

c) cúnamh a thabhairt le caighdeáin sna healaíona a fheabhsú.

## 15. Comhthéacs Beartais Náisiúnta

Cuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an creat acmhainne, beartais agus reachtaíochta ar fáil chun tacú le spreagadh agus forbairt na n-ealaíon in Éirinn.

Is é sprioc Rannán Ealaíon na Roinne rochtain níos fearr a chur ar fáil ar earnálacha na n-ealaíon, an chultúir agus na scannánaíochta in Éirinn, agus aitheantas a thabhairt don tábhacht shóisialta agus eacnamaíoch atá acu i saol na hÉireann, trí léiriú ealaíonta, feasacht chultúrtha agus rannpháirtíocht a spreagadh agus a chur chun cinn trí mheán creat iomchuí beartais, reachtaíochta agus acmhainní.

I gCreatbheartas Náisiúnta Cultúir - Cultúr 2025 ón Roinn, léirítear go soiléir ról ríthábhachtach an chultúir in Éirinn, agus leagtar amach ann treochlár don earnáil chultúrtha. Cuireadh spriocanna níos forleithne Chultúr 2025 san áireamh agus gníomhartha cláir á ndearadh do Straitéis Ealaíon Mhuineacháin, 2025-2031.

## 16. An Chomhairle Ealaíon

De ghnáth, seoltar maoiniú rialtais do na healaíona tríd an gComhairle Ealaíon, an ghníomhaireacht náisiúnta do mhaoiniú, d'fhorbairt agus do chur chun cinn na n-ealaíon in Éirinn. Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go bhfuil ról lárnach sainiúil ag na healaíona i sochaí a bhíonn ag síorathrú. Bunaíodh an Chomhairle Ealaíon, comhlacht neamhspleách atá faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, in 1951 chun spéis an phobail sna healaíona a spreagadh agus eolas, dea-mheas agus cleachtadh ar na healaíona a chur chun cinn. Oibríonn an Chomhairle Ealaíon i gcomhar le healaíontóirí, eagraíochtaí ealaíonta agus daoine eile chun spás lárnach a chruthú do na healaíona i saol na hÉireann.

In **Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh** ón gComhairle Ealaíon, sainaithnítear na tosaíochtaí seo a leanas:

**AN tEALAÍONTÓIR:**

Tacaítear le healaíontóirí saothar den scoth a chruthú, a mbaintear taitneamh as agus a bhfuil ardmheas air

**RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ:**

Bainfidh níos mó daoine taitneamh as eispéiris ardchaighdeáin ealaíon.

**STRAITÉIS INFHEISTÍOCHTA:**

Déanfar airgead poiblí a infheistiú go héifeachtach chun tosaíochtaí a bhaint amach.

**PLEANÁIL SPÁSÚLACHTA AGUS DHÉIMEAGRAFACH:**

Soláthar dea-phleanáilte ealaíon a rachaidh chun tairbhe daoine ar fud na tíre.

**CUMAS A FHORBAIRT:**

Forbairt eolais, scileanna agus cruthaitheachta chun an straitéis seo a bhaint amach.

### 17. An Cumann Bainistíochta Cathrach agus Contae

In 2016, d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon agus an Cumann Bainistíochta Cathrach agus Contae (CCMA) **Creat Comhoibrithe**. Is é cuspóir an chomhaontaithe béim a leagan ar thairbhe na comhpháirtíochta straitéisí idir An Chomhairle Ealaíon agus údaráis áitiúla ar fud na tíre, agus seasamh na comhpháirtíochta straitéisí sin a shoiléiriú, mar aon le fís agus mórspriocanna a leagan amach maidir lenar chóir do na comhpháirtithe a bhaint amach. Is comhaontú é ina léirítear an tiomantas oibriú i gcomhpháirt lena chéile, ag cur chun cinn agus ag forbairt na n-ealaíon, ar shlí chomhtháite. Tríd an gcomhoibriú sin, is iad na mórspriocanna na healaíona a threisiú, rannpháirtíocht an phobail sna healaíona a fheabhsú, agus bonneagar bríomhar ealaíon a fháil agus a choinneáil.

https://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/wwwartscouncilie/Content/Arts_in_Ireland/Local_arts/FrameworkforCollaboration.pdf

### 18. Éire Ildánach

Bunaíodh Éire Ildánach in 2017, agus tuigeann sé go gcuireann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin i gcoitinne chun cinn agus, le go spreagfar í sin go héifeachtach, ní mór go mbeadh sí ag croílár an bheartais phoiblí. Is clár é Éire Ildánach ina dtugtar daoine, cruthaitheacht agus folláine le chéile. Trí chomhpháirtíochtaí a chothú le rialtas áitiúil agus náisiúnta, le gníomhaireachtaí cultúrtha agus fiontraíochta agus le fiontair áitiúla, cruthaíonn Éire Ildánach conairí agus deiseanna le go bhféadann daoine aonair agus pobail an mianach cruthaitheach iontu a bhaint amach. Tá Straitéis cúig bliana Cultúir agus Cruthaitheachta, 2023-2027, forbartha ag Comhairle Contae Mhuineacháin, (Muineachán Ildánach) i gcomhpháirt le hÉire Ildánach. Is í fís na straitéise "sa bhliain 2027, gur áit é Contae Mhuineacháin ina mbeidh daoine aonair agus pobail

rannpháirteach go gníomhach i ndeiseanna cultúrtha agus cruthaitheacha a chothaíonn ár mbuanna cruthaitheacha agus ár meon cruthaitheach, agus ag an am céanna a chuireann le tairbhí aonair, sóisialta agus eacnamaíocha."

### 19. Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin, 2025-2031

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin ag tacú le forbairt na n-ealaíon agus ag tabhairt cúnamh airgeadais do na healaíona sa Chontae ó 1990 i leith. Faoin bplean is déanaí ón gComhairle, leanfar leis an tacaíocht seo agus féachfar "le forbairt na n-ealaíon i gContae Mhuineacháin a spreagadh agus a chothú, le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach an bhonneagair chultúrtha agus le seachadadh na healaíne poiblí a spreagadh i ngach foirm ar fud an Chontae."

***Ealaíona agus Cultúr (Sliocht as Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin, 2025-2031)***

Tá sé d'aidhm ag Comhairle Contae Mhuineacháin forbairt na n-ealaíon sa Chontae a spreagadh agus a chothú, ag tacú le forbairt leanúnach an bhonneagair chultúrtha agus ag spreagadh seachadadh ealaíne poiblí iomchuí i ngach foirm ar fud an Chontae. Sa phlean forbartha do na healaíona 'Ag Athmhúscailt an Cháis ar son na nEalaíon', leagtar amach creat cúig bliana faoina gcuirfear i bhfeidhm gníomhartha straitéiseacha ar son Chomhairle Contae Mhuineacháin. Tacóidh an Chomhairle le forbairt leanúnach an bhonneagair chultúrtha sa Chontae le tacaíocht ó Ranna Rialtais ábhartha.
Is iad seo a leanas Comhghníomhartha Straitéiseacha Chomhairle Contae Mhuineacháin um Sheachadadh Ealaíon i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon:

1. Tacú le hEalaíontóirí - Luach shaothar na n-ealaíontóirí a thuiscint, tacú leis an saothar sin agus cur leis an raon
deiseanna atá ar fáil d'ealaíontóirí le gur féidir leo a gcleachtas a fhorbairt.
2. Daoine óga agus na hEalaíona - Níos mó deiseanna a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga chun ealaín den scoth a chruthú, chun rochtain a fháil uirthi agus chun páirt a ghlacadh inti.
3. Cumas a Chruthú - Infheistiú i bhforbairt ghairmiúil na n-ionad, na bhféilte agus
na n-eagraíochtaí a chuireann eispéiris ardchaighdeáin ealaíon ar fáil

**Cuspóirí Ealaíon agus Cultúir**

CFO 6 Forbairt na n-ealaíon a spreagadh agus a chothú i gContae Mhuineacháin, tacú le forbairt leanúnach an bhonneagair chultúrtha, agus seachadadh ealaíne poiblí i ngach foirm a spreagadh ar fud an Chontae.
CFO 7 Tacú leis na healaíona, leis an tsiamsaíocht, leis an teanga agus leis an gcultúr ar fud an Chontae, na healaíona, an tsiamsaíocht, an teanga agus an cultúr a chur chun cinn ar fud an Chontae, agus infheistíocht a dhéanamh iontu trí fhorbairt a éascú i láithreacha iomchuí.

https://monaghan.ie/planning/wp-content/uploads/sites/4/2024/09/Written-Statement-Draft-Monaghan-County-Development-Plan-2025-2031.pdf

## 20. Comhthéacs Déimeagrafach Chontae Mhuineacháin

Is é Contae Mhuineacháin an cúigiú contae is lú i bPoblacht na hÉireann de réir achair agus
de réir Dhaonáireamh 2022 tá sé fós mar an gcontae leis an gceathrú
daonra is lú sa tír, is é sin daonra 65,288 duine.

### Athruithe daonra

Is contae tuaithe é Muineachán, a bhfuil díreach os cionn 39% dá dhaonra ina gcónaí i lonnaíochtaí uirbeacha i gcomparáid leis an Stát trí chéile ina bhfuil 70.5% den daonra ina gcónaí i lonnaíochtaí uirbeacha. Léiríonn athruithe ar dháileadh aoise an daonra idir 2016 agus 2022 laghdú suntasach de 6% i gcion na leanaí idir 0-8 mbliana d'aois agus tugann siad le fios go bhfuil méadú suntasach de 14.1% i gcion na leanaí idir 9-17 mbliana d'aois i ndaonra an chontae. Os a choinne sin, tá an méadú is suntasaí le sonrú i líon na ndaoine idir 70-79 bliain, arb ionann é agus méadú 34% i gcion na ndaoine san aoisraon sin a tuairiscíodh sa daonáireamh is déanaí.

### Ilchineálacht chultúrtha an daonra

- Tá cion níos airde cónaitheoirí a rugadh lasmuigh d'Éirinn le fáil i gContae Mhuineacháin (22.7% i gContae Mhuineacháin i gcomparáid le 20.0% i gcás na tíre ar fad).
- Tá cion níos airde cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn iad in aon trian (23) den 70 toghroinn i gContae Mhuineacháin, i gcomparáid le meán an chontae.

- I dtrí cinn de na toghranna sin, tá breis agus dhá oiread an mheánmhéid cónaitheoirí ar fud na tíre
  nár rugadh in Éirinn iad:
  - Toghcheantar Uirbeach Chluain Eois 46.4%
  - Toghcheantar Uirbeach Mhuineacháin 46.3%
  - Toghcheantar Uirbeach Bhaile na Lorgan 41.5%

As measc an 8,034 cónaitheoir sa tír nach bhfuil an Béarla mar mháthairtheanga acu, níl Béarla maith, nó níl aon Bhéarla, ag aon cheathrú díobh (22.7%) nó duine as gach cúigear. Níor léirigh 4.4% eile cén cumas a bhí acu sa teanga – ag tabhairt le fios go bhféadfadh go mbeadh caighdeáin ísle acu sa Bhéarla.